---

**TWENTY-NINTH AMENDMENT OF THE CONSTITUTION (No. 3) BILL 2011**

---

*As initiated*

---

ARRANGEMENT OF SECTIONS


Section

1. Amendment of the Constitution.

2. Citation.

SCHEDULE

PART 1

PART 2


---

[No. 28 of 2011]

**AN BILLE UM AN NAOÚ LEASÚ IS FICHE AR AN mBUNREACHT (Uimh. 3), 2011**

*Mar a tionscnaíodh*

RIAR NA nALT


Alt

1. An Bunreacht a leasú.

2. Lua.

AN SCEIDEAL

Cuid 1

Cuid 2


[Uimh. 28 de 2011]

**TWENTY-NINTH AMENDMENT OF THE CONSTITUTION (No. 3) BILL 2011**

# BILL

*entitled*

AN ACT TO AMEND THE CONSTITUTION.

WHEREAS by virtue of Article 46 of the Constitution, any provision of the Constitution may be amended in the manner provided by that Article:

AND WHEREAS it is proposed to amend the Constitution:

BE IT THEREFORE ENACTED BY THE OIREACHTAS AS FOLLOWS:

Amendment of the Constitution.

**1**.—The Constitution is hereby amended as follows:

(*a*) the Article the text of which is set out in *Part 1* of the *Schedule* shall be inserted after Article 42 of the Irish text,

(*b*) the Article the text of which is set out in *Part 2* of the *Schedule* shall be inserted after Article 42 of the English text.

Citation.

**2**.—(1) The Amendment of the Constitution effected by this Act shall be called the Twenty-Ninth Amendment of the Constitution.

(2) This Act may be cited as the Twenty-Ninth Amendment of the Constitution Act 2011.

**AN BILLE UM AN NAOÚ LEASÚ IS FICHE AR AN mBUNREACHT (Uimh. 3), 2011**

# BILLE

*dá ngairtear*

ACHT CHUN AN BUNREACHT A LEASÚ.

DE BHRÍ gur cead, de bhua Airteagal 46 den Bhunreacht, foráil ar bith den Bhunreacht a leasú ar an modh a shocraítear leis an Airteagal sin:

AGUS DE BHRÍ go bhfuil beartaithe an Bunreacht a leasú:

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS AR AN ÁBHAR SIN MAR A LEANAS:

*An Bunreacht a leasú.*

**1**.—Leasaítear leis seo mar a leanas an Bunreacht:

(*a*) cuirfear an tAirteagal a bhfuil an téacs de leagtha amach i *gCuid 1* den *Sceideal* isteach i ndiaidh Airteagal 42 den téacs Gaeilge,

(*b*) cuirfear an tAirteagal a bhfuil an téacs de leagtha amach i *gCuid 2* den *Sceideal* isteach i ndiaidh Airteagal 42 den téacs Sacs-Bhéarla.

*Lua.*

**2**.—(1) An Naoú Leasú is Fiche ar an mBunreacht a thabharfar ar an leasú a dhéantar ar an mBunreacht leis an Acht seo.

(2) Féadfar an tAcht um an Naoú Leasú is Fiche ar an mBunreacht, 2011 a ghairm den Acht seo.

SCHEDULE

## PART 1

### Uchtáil

Airteagal 42A

1. Féadfar foráil a dhéanamh le dlí chun uchtáil a dhéanamh ar leanbh i gcás ina bhfuil na tuismitheoirí tar éis mainneachtain ina bhfreagracht i leith an linbh ar feadh cibé tréimhse a fhorordófar le dlí, agus i gcás inar gá sin ar mhaithe le leas an linbh.

2. Féadfar foráil a dhéanamh le dlí chun aon leanbh a shuíomh go saorálach le haghaidh uchtála, agus chun uchtáil a dhéanamh ar aon leanbh.

## PART 2

### Adoption

Article 42A

1. Provision may be made by law for the adoption of a child where the parents have failed for such a period of time as may be prescribed by law in their responsibility towards the child, and where the best interests of the child so require.

2. Provision may be made by law for the voluntary placement for adoption, and the adoption, of any child.

## AN SCEIDEAL

### Cuid 1

### Uchtáil

Airteagal 42A

1. Féadfar foráil a dhéanamh le dlí chun uchtáil a dhéanamh ar leanbh i gcás ina bhfuil na tuismitheoirí tar éis mainneachtain ina bhfreagracht i leith an linbh ar feadh cibé tréimhse a fhorordófar le dlí, agus i gcás inar gá sin ar mhaithe le leas an linbh.

2. Féadfar foráil a dhéanamh le dlí chun aon leanbh a shuíomh go saorálach le haghaidh uchtála, agus chun uchtáil a dhéanamh ar aon leanbh.

### Cuid 2

### Adoption

Article 42A

1. Provision may be made by law for the adoption of a child where the parents have failed for such a period of time as may be prescribed by law in their responsibility towards the child, and where the best interests of the child so require.

2. Provision may be made by law for the voluntary placement for adoption, and the adoption, of any child.